# Gníomhaíochtaí Luathléitheoireachta agus Cur Chuige Spraíúil (Scoil sa Ghaeltacht)

## Cúlra

Sa sampla seo feicimid rang a haon i scoil lán-Ghaeilge i gcroílár na Gaeltachta. Tá 28 dalta sa rang ag a bhfuil riachtanais éagsúla. Tá na critéir theangabhunaithe d'aitheantas mar bhunscoil Ghaeltachta á gcur i bhfeidhm anseo. Cé go bhfuil cumas éagsúil sa rang ó thaobh na Gaeilge de, cinntíonn an scoil go gcuirtear eispéiris oideachais ardchaighdeáin trí Ghaeilge ar fáil do na páistí ar fad. Dírítear aird ar leith ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais Gaeilge chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge.




## Na gníomhaíochtaí a chur in oiriúint do scoil lán-Bhéarla

Cé gur sampla é seo ó scoil sa Ghaeltacht, d'fhéadfaí cuid de na gníomhaíochtaí a úsáid le rang i scoil lán-Bhéarla dá ndéanfaí an teanga a shimpliú agus dá ndéanfaí scafláil sa bhreis ar ghníomhaíochtaí áirithe.

## Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim

Tá go leor gníomhaíochtaí éagsúla ar bun ag na páistí san fhíseán seo. D'úsáid an múinteoir an scéal 'Cinnín Óir agus na Trí Bhéar' mar thúsphointe. Bhain sí úsáid as an **gcur amach** atá aici **ar na páistí**, **ar a riachtanais** agus **ar a réamhfhoghlaim** chomh maith lena **cur amach ar an oideolaíocht** maidir le teanga a mhúineadh agus í i mbun ullmhúcháin. Ansin, bhreathnaigh sí ar an gcuraclam chun fócas na foghlama a chinntiú. Is ón machnamh sin ar fad a tháinig an fócas ar **ghníomhaíochtaí luathléitheoireachta** ag baint úsáid as **cur chuige spraíúil** atá le sonrú san fhíseán chun cinn.




**Fíor 1:** Na Príomhcholúin Ullmhúcháin don Teagasc agus don Fhoghlaim (mar a mhínítear sa doiciméad 'Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim – Treoir do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta')

Is iad seo a leanas na Torthaí Foghlama agus an fócas a roghnaigh an múinteoir:

| Snáithe | Torthaí Foghlama | Fócas na foghlama nua |
|---|---|---|
| **Teanga ó Bhéal** | **TF 9:** Athinsint agus mionléiriú | Déanfaidh na páistí athinsint agus seicheamhú ar an scéal. |
| | **TF 10:** Teanga a úsáid go spraíúil agus go cruthaitheach | Cumfaidh na páistí an comhrá a bhí ar siúl ag na béir agus iad ag siúl sa choill.<br>Beidh sprao 'domhan beag' ar siúl chun an scéal a athinsint/a shíniú srl. |
| **Léitheoireacht** | **TF 4:** Feasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach | Piocfaidh na páistí amach samplaí den fhuaim 'ch' agus 'bh' ón scéal. |
| **Scríbhneoireacht** | **TF 6:** Cuspóir, seánra agus guth | Scríobhfaidh na páistí litir chuig na trí bhéar. |

## Eispéireas Foghlama 1: Foghraíocht agus Fónaic

Dhírigh na múinteoirí aird na bpáistí ar **fhuaimeanna na seachtaine**: ‘ch’ agus ‘bh’, agus lorg sí samplaí de na fuaimeanna sin ó na páistí. Le go mbeadh **comhthéacs** ag an gcuid seo den cheacht, tharraing an múinteoir aird na bpáistí ansin ar na **fuaimeanna sin sa scéal**, agus thug na páistí samplaí de na fuaimeanna ‘ch’ agus ‘bh’ (an dá fhuaim) **a bhí le cloisteáil sa scéal**. Chaith na páistí a thuilleadh ama ar an bhfónaic mar chuid den obair ghrúpa ag na stáisiúin.

## Eispéireas Foghlama 2: Stáisiúin

Ansin, thosaigh an rang ar an obair ghrúpa. D’eagraigh an múinteoir 5 stáisiún, agus bhí gach stáisiún ag díriú ar scileanna éagsúla, scileanna luathléitheoireachta ina measc.

### **Tasc 1:** Athinsint ar an scéal le puipéid

Tugadh Teach na mBéar agus puipéid do gach grúpa. I mbeirteanna, d’úsáid na páistí na puipéid chun **an scéal a athinsint**.



### **Tasc 2:** Fuaimeanna, cruinneas agus fónaic

Tugadh cártaí éagsúla don ghrúpa ar a raibh pictiúir d’fhocail a thosaíonn le ‘c’ nó ‘b’. B’éigean do na páistí an focal a rá le ‘mo’ roimhe. Dhírigh sé sin aird na bpáistí ar **fhuaimeanna** chomh maith leis na hathruithe a tharlaíonn leis an **aidiacht shealbhach**. Bhí bosca gainimh ag an mbord freisin agus scríobh na páistí na fuaimeanna ‘ch’ agus ‘bh’ sa ghaineamh, rud a rinne **nasc idir an fhuaim agus na litreacha** a léiríonn an fhuaim sin **(i.e. fónaic)**.



### **Tasc 3:** Teanga a úsáid go spraíúil

Bhí an domhan beag in úsáid ag stáisiún amháin agus bhí deis ag na páistí spraoi leis na béir bheaga agus le Cinnín Óir i dTeach na mBéar. **Tasc oscailte** a bhí anseo. Tugann sé sin deis do na páistí oibriú ag a gcumas féin – **ní bhíonn aon ‘táirge’ faoi leith ann**.



### **Tasc 4:** Ról-imirt

Bhí ról ag gach páiste (Mamaí Béar, Daidí Béar, Babaí Béar agus Cinnín Óir). Iarradh ar na páistí an comhrá a bhí ag na béir sa choill, agus an méid a bhí á rá ag Cinnín Óir agus í istigh i dTeach na mBéar, a chumadh. Arís, is **tasc oscailte** a bhí anseo agus bhí gach páiste in ann páirt a ghlacadh sa tasc. Ba chuma faoin gcumas Gaeilge a bhí acu.




### **Tasc 5:** Cártaí seichimh

Bhí grúpa eile i mbun seichimh. Tugadh pictiúrchártaí dóibh agus mar ghrúpa, chuir siad an scéal san ord ceart.



## Léiriú ar an bhFoghlaim

Mar a fheictear san fhíseán, chuaigh an múinteoir ó ghrúpa go grúpa agus iad i mbun na stáisiún, ag breathnóireacht, ag tabhairt cabhrach, **ag scafláil** agus ag tabhairt **aiseolas ceartaitheach*** (mar shampla, **ceartú follasach** maidir le leaba M**h**amaí Béar, leaba D**h**aidí Béar, leaba B**h**abaí Béar) nuair ba ghá.

### Eispéireas Foghlama 3: Scríbhneoireacht

Chun críoch a chur leis an gceacht, iarradh ar na páistí litir a scríobh ó Chinnín Óir chuig na Trí Bhéar. Chun an tasc seo a **scafláil**, cuireadh ceist ar na páistí a smaointe a chur i dtoll a chéile **ó bhéal** i dtosach. Ansin, scríobh siad a litir. Tháinig cúpla páiste aníos chuig **Cathaoir na Scríbhneoirí** ar deireadh chun a litir a léamh amach os ord.




## Ceisteanna Machnamhacha

1. Déan machnamh ar an gcaoi ar chinntigh an múinteoir go raibh na páistí ag obair ag an leibhéal ceart dá gcumas.
2. Cé na gníomhaíochtaí nó na heispéiris ar bhain cuir chuige spraíúla leo?
3. Déan machnamh ar na féidearthachtaí a bhaineann leis an gceacht seo maidir le teangacha eile a thabhairt isteach sna gníomhaíochtaí éagsúla.
4. Cé na gníomhaíochtaí eile a d'fhéadfadh an múinteoir a eagrú ina n-úsáidfí Cinnín Óir agus na Trí Bhéar mar thúsphointe?

* Tá Faisnéis Tacaíochta scríofa ar Aiseolas Ceartaitheach ar fáil anseo

Le féachaint ar na físeáin a bhaineann leis an bhFaisnéis Tacaíochta seo cliceáil anseo